# Roinn 1

**Tabhair cuntas ginearálta, le do thoil, ar do fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.***

Tá go leor aidhmeanna inmholta luaite i nDréachtchreat Curaclaim na bunscoile.

Is ábhar suime ar leith domsa a mbaineann le teangacha, agus leis an nGaeilge.

Is léir ar Rogha 2, mar a mholtar go mbeadh níos lú ama ar fáil do Teanga 2, go mbeadh deis á thabhairt do scoileanna múineadh na Gaeilge a laghdú sa churaclam. Níl sé seo inmholta, tráth go n-admhaíonn go leor múinteoirí bunscoile go bhfuil a gcuid Gaeilge easnamhach.
In ionad féachaint chuige go leigheasann na coláistí oiliúna an fhadhb seo, mar ba cheart don Roinn Oideachais a dhéanamh i bhfad ó shin (trína dheimhniú go bhfuil ábhar nó ábhair a múineadh trí Ghaeilge san coláistí sin, mar a bhíodh, mar shampla), an toradh a bheadh ar an moladh seo ná é a dhéanamh níos éasca ag ceardchumann brú a chur go gcealófaí an Ghaeilge mar ábhar riachtanach oiliúna bunscoile in ao'chor.

Níor dhea-thoradh straitéiseach é seo, tráth a ndeir caoga faoin gcéad de thuismitheoirí go gcuirfeadh siad a bpáistí ar ghaelscoil, ach a leithéid a bheith ar fáil dóibh, agus gan mórán thar an gcúig faoin gcéad de sholáthar a bheith déanta dóibh faoi láthair.

In ainneoin na mbacanna atá ar fhorbairt na gaelscolaíochta, is léir go dtocfadh brú breise ar an Roinn Oideachais soláthar don éileamh ó thuismitheoirí arbh é a mian go mbeadh oideachas le Gaeilge ag a bpáistí.

Tá sé inmholta ar son na heacnamaíochta agus an chultúir, agus ar son na hintleachta féin, go mbeadh daltai inniúil ar an triú teanga, ach cá bhfaghfar na múinteoirí dóibh? Is dóigh liom go bhfuil cur chuige lena mbaineann níos mó fócais ag teastáil, a chinntíonn gur féidir le líon áirithe múinteoirí an triú teanga a mhúineadh i scoileanna éagsúla, lasmuigh den ghnáthchlár ama, agus ar chostas stáit.

Idir an dá linn, cinntítear go n-iomlánaítear daonnacht na ndaltaí tríd an teanga shinseartha stairiúil a chur ar fáil dóibh. Teanga iomlán, chomh maith le teanga ar bith eile, is ea an Ghaeilge.

